

An Fheirm

Tá feirm mhór ag Uncail Colm. Chuaigh Tomás go dtí an fheirm inné. Chonaic sé na cearca i gcró na gcearc. Bhí an coileach ar an mballa. Chonaic sé muc agus banbh i gcró na muc. Bhí an madra ina luí i gclós na feirme. Bhí na ba sa pháirc. Chonaic Tomás tarbh crosta. Bhí eagla ar Thomás roimh an tarbh. Bhí an feirmeoir ag obair go dian.

Foclóir: cearca, hens coileach, cock banbh, young pig tarbh, bull ag obair go dian, working hard

A. Líon isteach na bearnaí:

Un-ail Colm, an fhe-rm, coi-each, ban-h, fei-meoir, go di-n.

B. Líon isteach na bearnaí:

- 1. Tá mhór ag Uncail Colm.
- 2. Chonaic sé na i gcró na gcearc.
- 3. Bhí coileach ar an —.
- 4. Bhí madra ina luí i na feirme.
- 5. Chonaic Tomás —.

C. Scríobh amach an freagra ceart:

- 1. Cá raibh na cearca?
 - i gclós na feirme.
 - i gcró na gcearc.
 - sa chistin.
- 2. Cé a bhí ina luí i gclós na feirme?
 - an coileach.
 - an tarbh.
 - an madra.

- 3. Cá raibh na ba?
 - i gcró na muc.
 - sa pháirc.
 - sa ghairdín.

D. Freagair na ceisteanna:

- 1. Céard atá ag Uncail Colm?
- 2. Cé a bhí ar an mballa?
- 3. Cad a chonaic Tomás i gcró na muc?
- 4. Cén fáth a raibh eagla ar Thomás?
- 5. Cé a bhí ag obair go dian?

Gramadach 20

- (i) Foghlaim: romham
 - romhat roimhe roimpi

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Chonaic mé an madra crosta. Bhí eagla orm roimhe.

- 1. Tá tú crosta anois. Tá eagla orm ---.
- 2. Tá sí crosta anois. Tá eagla orm ---.
- 3. Mise an madra crosta. Tá eagla ar na páistí ---.
- (ii) Foghlaim: Chonaic mé Ní fhaca mé
 - Chonaic tú Ní fhaca tú
 - Chonaic sé Ní fhaca sé
 - Chonaic sí Ní fhaca sí

Líon isteach na bearnaí:

- Sampla: Chonaic mé an garda ach ní fhaca mé an sáirsint.
- 1. Chonaic Tomás an madra $\operatorname{ach} - \operatorname{an} \operatorname{cat}$.
- 2. Máire an t-arán ach ní fhaca sí an bainne.
- 3. Chonaic tú an leabhar ach — an pictiúr.
- 4. an rothar ach ní fhaca sé an carr.